2024/2356

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2356 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn IV dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0088/2024),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE JU), atá lonnaithe sa Bhruiséil, i mí na Samhna 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031 ([1]); de bhrí gur tháinig CBE JU in ionad agus i gcomharbas ar Chomhghnóthas na dTionscal Bithbhunaithe (comhghnóthas BBI) a cuireadh ar bun i mí na Bealtaine 2014 faoi chlár Fís 2020 ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024 ([2]);

B. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é Comhghnóthas CBE a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht i gcomhair earnáil de thionscail bhithbhuanaithe chiorclacha atá inbhuanaithe agus iomaíoch; de bhrí gurb iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe tionsclaíocha a ndéanann Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe ionadaíocht thar a gceann;

C. de bhrí, chun trédhearcacht a mhéadú, gur cheart don Chomhghnóthas CBE faisnéis ábhartha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir a nochtadh ina chuntais bhliantúla; de bhrí, le haghaidh gach cláir a bhfuil siad ag oibriú fúthu, gur cheart don Chomhghnóthas CBE gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na spriocanna dlíthiúla do na ranníocaíochtaí ábhartha don chlár faoi seach, méid na ranníocaíochtaí atá faighte agus méid na ngealltanas dlíthiúil, a chur i láthair in aghaidh na ballchatagóire suas go dtí deireadh na bliana; de bhrí gur cheart do Chomhghnóthas CBE leanúint den trédhearcacht a fheabhsú;

Ginearálta

1. ag tabhairt dá haire de réir thuarascáil na Cúirte Iniúchóirí ('an Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais CBE don bhliain airgeadais 2022 ('tuarascáil na Cúirte') ([3]) go dtíolactar sna cuntais bhliantúla, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais an Chomhghnóthais CBE an 31 Nollaig 2022, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil na hidirbhearta bunaidh sna cuntais, ó thaobh na ngnéithe ábhartha uile de, dlíthiúil agus rialta;

2. á chur in iúl gur geal léi ról an Chomhghóthais CBE maidir le tionscail bhithbhunaithe chiorclacha iomaíocha a chur chun cinn san Aontas;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais CBE, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta atá á gcur chun feidhme aige;

4. ag tabhairt dá haire gur thosaigh Comhghnóthas CBE, in 2022, le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach, agus mar thoradh air sin, áirítear i mbuiséad 2022 an buiséad gealltanas do na chéad ghlaonna de chuid Fís Eorpach atá beartaithe do 2021 agus do 2022;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe (IO L 169, 7.6.2014, lch. 130).

([3]) Tuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Comhghnóthais an Aontais don bhliain airgeadais 2022. 96).

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

5. tabhairt dá haire, ón Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2022 ([4]), ó Chomhghnóthas CBE, gurbh ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil do 2022 agus EUR 264,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 80,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ([5]); ag tabhairt dá haire, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme/ forghníomhú an bhuiséid, gurbh ionann é, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, agus EUR 125 mhilliún (forghníomhú 47 %) ([6]) agus EUR 52 mhilliún (forghníomhú 65 %) le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ([7]);

6. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Bord Rialaithe buiséad 2022 do Chomhghnóthas CBE in dhá chéim - an 16 Nollaig 2021, vótáladh an buiséad do chuid leagáide Chomhghnóthas BBI ar EUR 6 mhilliún san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (CA) agus EUR 85,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (PA) ([8]);

7. ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár síníodh aon deontas faoi shainordú Chomhghnóthas CBE agus gur síníodh 142 dheontas faoi shainordú Chomhghnóthas BBI ar luach iomlán EUR 822 mhilliún;

8. ag tabhairt dá haire, an 31 Bealtaine 2022, le leasú buiséadach chun buiséad 2022 (úr) do Chomhghnóthas CBE a chur leis, a chuimsíonn EUR 254,9 milliún in CA agus EUR 1,7 milliún in PA; ag tabhairt dá haire gur áiríodh sa leasú freisin laghdú EUR 11.2 milliún ar athghníomhachtuithe PA oibríochtúla Chomhghnóthas BBI, a mheastar ag an gcéim sin a bheith ina mbarrachas de réir riachtanas (mar sin ba é -EUR 9,6 milliún (lúide) leasú iomlán CA ar an mbuiséad);

9. ag tabhairt dá haire gur chuir leasú eile ar an mbuiséad EUR 1 mhilliún breise ar fáil do mheastóirí saineolaithe Chomhghnóthas CBE faoi Theideal 3 ([9]), an 28 Samhain 2022, agus chun go léireofaí ar an leibhéal cuntasaíochta an cur chuige a ghlac an Coimisiún Eorpach maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le PA do mheastóirí saineolaithe sna glaonna;

10. ag tabhairt dá haire gur áiríodh i mbuiséad bunaidh Chomhghnóthas BBI barrachas measartha mór de bhuiséad nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin (2019, 2020 agus 2021) ó thaobh an riaracháin de, EUR 11 milliún in CA agus EUR 1,6 milliún in PA agus ar an taobh oibríochtúil EUR 40 milliún in PA;

11. ag tabhairt dá haire go ndearnadh na leithreasuithe athghníomhachtaithe sin a thomhailt i gcomhréir le Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas CBE Airteagal 6(5), agus gur shroich siad 69 % den tomhaltas ar thaobh an riaracháin CA, 88 % ar thaobh PA an riaracháin agus 100 % ar thaobh oibríochtúil PA faoi dheireadh na bliana; ag tabhairt dá haire gurb é an phríomhchúis le forghníomhú níos ísle sa bhuiséad riaracháin gur coinníodh go dtí deireadh na bliana méid mór leithreasuithe ar fáil ar línte buiséid cumarsáide Theideal 2 ([10]), d'fhonn an conradh le haghaidh imeacht Fhóram na nGeallsealbhóirí a bheidh ar siúl in 2023 a ghealladh;

12. ag tabhairt dá haire, áfach, de réir Chomhghnóthais CBE, go raibh sé dodhéana é sin a bhainistiú, agus gur síníodh an conradh ar deireadh i lár mhí Eanáir 2023 agus go ndearnadh na leithreasuithe a athghníomhachtaú i mbuiséid 2023 agus 2024;

13. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2022, go raibh barrachas iomlán leithreasuithe de EUR 1,1 milliún ann in CA riaracháin agus EUR 1,5 milliún in PA riaracháin gan úsáid ag Comhghnóthas BBI agus go raibh EUR 25,2 milliún ann in PA oibríochtúil;

14. ag tabhairt dá haire nach raibh aon leithreasuithe suntasacha athghníomhachtaithe ann ar thaobh Chomhghnóthas CBE ós rud é nár iarradh aon bhuiséad roimh 2021; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh buiséad a bhí beartaithe ar dtús do Chomhghnóthas CBE ar thaobh an Choimisiúin (lena n-áirítear Glao 2021 nár tharla riamh) geallta ag AS RTD, go raibh ar Chomhghnóthas CBE glacadh leis ina bhuiséad riaracháin agus oibríochtúil do 2022 Comhghnóthas CBE CA agus PA a bhí beartaithe don dá bhliain 2021 agus 2022;

15. ag tabhairt dá haire, thairis sin, ó thaobh an riaracháin de, go dtabharfar tosaíocht d'fheidhmiú bhuiséad leagáide Chomhghnóthas BBI go dtí deireadh 2024, ós rud é nár forghníomhaíodh beagnach aon chuid de bhuiséad riaracháin Chomhghnóthas CBE in 2022; ag tabhairt dá haire go laghdaíonn sé sin feidhmiú foriomlán an bhuiséid, o laghdaíonn sé seo cur chun feidhme foriomlán an bhuiséid, ach, chun comparáid réalaíoch a chur ar fáil, go gcuirtear rátaí chur chun feidhme Chomhghnóthas BBI (buiséad riaracháin amháin) ar fáil don chleachtadh seo freisin;

([4]) Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2022 maidir le Gníomhaíochtaí (lch. 8)

([5]) Áirítear sa bhuiséad iomlán buiséad oibríochtúil (a úsáidtear chun tionscadail roghnaithe a mhaoiniú) agus buiséad riaracháin (a úsáidtear chun gníomhaíochtaí Oifig an Chláir a chistiú).

([6]) Teideal 1 - EUR 2,9 milliún (forghníomhú 63 %), Teideal 2 - EUR 1,6 (milliún) (forghníomhú 60 %), Teideal 3 - EUR 120,5 milliún (forghníomhú 48 %).

([7]) Teideal 1 - EUR 2,8 milliún (forghníomhú 55 %), Teideal 2 - EUR 1, 9 (forghníomhú 68 %), Teideal 2 - EUR 47,4 milliún (forghníomhú 65 %).

([8]) Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2022 maidir le Gníomhaíochtaí (lch. 77)

([9]) Teideal 3 Speansais oibríochtúla (le haghaidh chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na gcúraimí a shanntar do Chomhghnóthas CBE i gcomhréir leis an Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear é).

([10]) Teideal 2: Speansais riaracháin (lena n-áirítear costais an bhonneagair ghinearálta agus costais reatha amhail foirgnimh a fháil ar cíos, costais TF, troscán agus trealamh oifige, cumarsáid agus cruinnithe, agus costais riaracháin ilghnéitheacha eile).

16. ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil ón gCúirt, go bhfuil difríocht shuntasach óna chéile idir méideanna na ranníocaíochtaí a aithnítear in aghaidh na catagóire comhalta (comhaltaí an Aontais agus comhaltaí príobháideacha) i gcuntais bhliantúla 2022 an Chomhghnóthais. á chur in iúl go dtuigeann sí gurb amhlaidh atá toisc go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas CBE iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe;

17. á iarraidh ar Chomhghnóthas CBE aghaidh a thabhairt arís ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, trí fhaisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Chomhghnóthais CBE aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn;

18. ag tabhairt dá haire go raibh ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe na gcomhaltaí príobháideacha le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla fós íseal ag EUR 65,9 milliún mar nach ndéanann an Comhghnóthas CBE iad a dheimhniú go dtí go mbíonn na híocaíochtaí deiridh do na tionscadail faoi Fís 2020 déanta agus go mbíonn na deimhnithe don ráiteas airgeadais dlite;

19. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach mbeidh a sprioc tháscach ranníocaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla bainte amach ag comhaltaí príobháideacha Fís 2020 ag deireadh chur chun feidhme an chláir;

20. ag tabhairt dá haire na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme cláir do Chomhghnóthas CBE i gcás nach mbainfidh comhaltaí príobháideacha na spriocanna maidir le ranníocaíochtaí íosta amach faoi dheireadh chlár Fís 2020;

21. ag tabhairt dá haire, maidir leis an méid a bhain an Comhghnóthas CBE amach don chlár Fís 2020, go raibh ranníocaíocht oibríochtúil uasta an Aontais EUR 815,8 milliún geallta ag an gComhghnóthas CBE, ag deireadh 2022, le haghaidh comhaontuithe deontais sínithe faoin gclár Fís 2020; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, as an méid geallta sin, go bhfuil thart ar EUR 94 mhilliún (nó 11,5 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche;

22. ag tabhairt dá haire, thairis sin, ag deireadh 2022, go raibh gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgeadais EUR 258,4 milliún nó 54 % den sprioc tháscach de EUR 475,3 milliún a leagadh síos sna cláir oibre bliantúla atá glactha ag an gComhghnóthas CBE.; ag tabhairt dá haire, den mhéid geallta sin, go raibh EUR 154,7 milliún (nó 32,5 % den sprioc) tuairiscithe ag Comhghnóthas CBE ag deireadh 2022;

23. ag tabhairt dá haire, thairis sin, in 2022, go raibh ar an gComhghnóthas thart ar EUR 8,2 milliún de thionscadail shínithe a chur ar ceal mar gheall ar thionscadal suaitheanta Fís 2020 a fhoirceannadh gan choinne agus roinnt tionscadal eile a chur ar fionraí agus, ós rud é gur dúnadh glaonna uile Fís 2020 ag deireadh 2020, nach mbainfidh Comhghnóthas CBE an sprioc tháscach amach maidir le ranníocaíochtaí comhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais faoi dheireadh thréimhse an chláir;

24. á chur in iúl gur geal léi gur luaigh Comhghnóthas CBE gur bhain sé amach na cuspóirí oibríochtúla dá ghlaonna Fís 2020; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, go measann an Chúirt go bhfuil riosca ag baint leis an laghdú suntasach sin ar ranníocaíochtaí comhaltaí príobháideacha do bhaint amach foriomlán chlár Fís 2020 Chomhghnóthas CBE;

25. ag tabhairt dá haire, chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc fhoriomlán ranníocaíochta na gcomhaltaí príobháideacha de EUR 2 730 milliún arna leagan síos sa Rialachán lenar bunaíodh an Comhghnóthas CBE faoi dheireadh thréimhse an chláir, go ndearna sé an Comhghnóthas a sprioc i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha i leith gníomhaíochtaí breise a ardú go dtí EUR 2 235,5 milliún; ag tabhairt dá haire ag deireadh 2022, go raibh ranníocaíochtaí comhchineáil i leith gníomhaíochtaí breise de luach EUR 1 797,9 milliún, nó 73,8 % den sprioc nua, tuairiscithe ag na comhaltaí príobháideacha, ach ní raibh an próiseas deimhniúcháin tugtha chun críche i gcás EUR 658 milliún nó 37 % den mhéid a bhí tuairiscithe.

26. á chur in iúl gur geal léi gur mhol Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe do Bhord Rialaithe an Chomhghnóthais i mí na Samhna 2022, chun an baol nach ndéanfaidh an Comhghnóthas an sprioc nua i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil i leith gníomhaíochtaí breise a bhaint amach faoi dheireadh an chláir a mhaolú, gur mhol siad infheistíocht bhreise de EUR 416 mhilliún ó na comhaltaí príobháideacha i leith gníomhaíochtaí breise in 2023 a fhormheas.

27. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Chúirt go ndeachaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 do ghníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas; ag aithint gurbh é ba chúis leis sin an méadú atá ag teacht ar chostais agus ar fhadhbanna seachadta na dtairbhithe;

28. ag tabhairt dá haire, i gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, nach bhfuair Comhghnóthas CBE leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020; ag tabhairt dá haire gur thit an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla go dtí 65 % (2021: 85 %), a bhí, de réir Chomhghnóthais CBE, gurbh é ba chúis leis sin an méadú atá ag teacht ar chostais agus ar fhadhbanna seachadta na dtairbhithe a d'eascair as géarchéim COVID-19 agus as an gcogadh san Úcráin agus, dá bhrí sin, fad a chur le formhór thionscadail Fís 2020 agus íocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023;

29. ag aontú leis an gCúirt gur cheart do Chomhghnóthas CBE plean gníomhaíochta amsceidealaithe a bhunú chun cur chun feidhme na dtionscadal a formheasadh faoi Chreataí Airgeadais Ilbhliantúla roimhe seo a thabhairt chun críche (CAInna);

30. ag aontú leis an gCúirt, chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna ranníocaíochta a gcomhaltaí príobháideacha do CAI 2021-2027, gur cheart do Comhghnóthas CBE, bunaithe ar phlean cur chun feidhme straitéiseach do na cláir, faireachán a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a bhfuil bainte amach ag rannchuidiú aonair na gcomhaltaí príobháideacha;

31. ag tabhairt dá haire, in 2022, nach raibh ach 47 % den bhuiséad a bhí geallta le haghaidh tionscadail faoin gcéad ghlao shuntasach faoi Fís Eorpach, de luach EUR 120 milliún, a bhí seolta ag an gComhghnóthas níos túisce sa bhliain curtha chun feidhme aige.

32. ag tabhairt dá haire in 2022, go ndearna an Coimisiún agus na comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí airgid de EUR 0,8 milliún ón dá dhream i leith chostais riaracháin an Chomhghnóthais CBE. ag tabhairt dá haire nár iarr an Comhghnóthas CBE ranníocaíochtaí airgid dá ghníomhaíochtaí faoi Fís Eorpach, mar go raibh sé ag dréim leis nach gcríochnófaí an chéad ghlao faoi Fís Eorpach (a bhí seolta aige i dtús 2022) go dtí an chéad leath de 2023.

33. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2022, go raibh an ráta cur chun feidhme maidir le buiséad íocaíochta tuarastail an Chomhghnóthais CBE (Teideal 1) íseal ag 55 % agus, de réir an Chomhghnóthais CBE, gur cuireadh moill ar thús conarthaí fostaíochta na mball foirne a earcaíodh as an nua in 2022;

Soláthar agus foireann

34. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur lean Comhghnóthas CBE de na creatchonarthaí atá ann cheana ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh a shaothrú a mhéid is féidir; ag tabhairt dá haire, nuair nach raibh na conarthaí sin ar fáil do Chomhghnóthas CBE nó nuair a bhí siad imithe in éag, gur ghá nósanna imeachta tairisceana sonracha a sheoladh, a bhformhór le haghaidh conarthaí ar luach íseal ([11]);

35. ag tabhairt dá haire gur shínigh an Comhghnóthas CBE freisin conarthaí sonracha faoin gcreatchonradh a bhainistítear go comhpháirteach leis na comhghnóthais eile, eadhon le haghaidh sheirbhísí coiteanna TF; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur bhain Comhghnóthas CBE úsáid as Comhaontuithe Seirbhíse (SLAnna) a bhí i bhfeidhm leis an gCoimisiún i rith 2022;

36. ag tabhairt dá haire ón Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí gurbh ionann 2022 agus idirthréimhse ó Chomhghnóthas BBI go Comhghnóthas CBE; ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2022, gur 26 bhall foirne a bhí in Oifig Chlár an Chomhghnóthais CBE (i gcomparáid le 22 in 2021), agus a plean bunaíochta foirne ([12]) iomlán faoina sainordú nua, nach mór, á bhaint amach aici; á chur in iúl gur geal léi gur tháinig ochtar comhghleacaithe nua isteach faoi shainordú nua an Chomhghnóthais CBE;

37. ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh Comhghnóthas CBE in 2022 cothromaíocht inscne i bpoist bhainistíochta le 50 % d'ionadaíocht na mban;

38. ag tabhairt dá haire go mbonn foireann na gComhghnóthas CBE ag bainistiú líon méadaitheach de thionscadail ó chláir faoi CAInna éagsúla agus atá á gcur chun feidhme ag an am céanna; ag tarraingt aird ar an bhfíoras nár cheart do threocht den sórt sin éifeachtacht rialuithe inmheánacha na gComhghnóthas CBE, agus an chaoi a mbainistíonn siad na cistí sin, a lagú agus d'fhéadfadh sé moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

39. ag tabhairt dá haire ó bharúlacha na Cúirte maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta AS RTD an Choimisiúin freagrach as na hiniúchtaí *ex post* i gcás Fís Eorpach agus chaiteachas Fís 2020;

40. ag tabhairt dá haire, i gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), gur thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 1,9 % agus ráta earráide iarmharach de 1,2 %;

([11]) Cuireadh roinnt conarthaí i gcrích ar níos lú ná EUR 15,000 an ceann.

([12]) 29 duine atá sa Phlean um Bhunú Foirne ina iomláine don eagraíocht, ar cheart do CBE é a bhaint amach go luath in 2024 tar éis cheapadh an stiúrthóra feidhmiúcháin nua.

41. ag tabhairt dá haire, i gcás an chláir Fís Eorpach, go bhfuil iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024;

42. ag tabhairt dá haire, chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais CBE a mheasúnú, go ndearna an Chúirt iniúchadh ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh ([13]); ag tabhairt dá haire, i gcás amháin, gur aimsigh agus gur chainníochtaigh an Chúirt earráid thromchúiseach a d'eascair as an gcostas pearsanra a éilíodh toisc gur athraigh an tairbhí an modh ríofa don ráta de réir na huaire laistigh den bhliain airgeadais agus go ndearnadh costais pinsin agus bónais neamh-incháilithe a chur san áireamh sna costais a dearbhaíodh.

43. á chur in iúl gur mór aici go ndearna Comhghnóthas CBE cur chuige rioscabhunaithe a fhorbairt ar an iniúchadh *ex post* leis an sprioc a ráta earráide a laghdú trí spriocshampla níos fearr chun na tairbhithe is mó tugtha d'earráidí a bhrath, rud a neartaíonn éifeacht ghlantacháin a iniúchtaí *ex post*; is athrú dearfach tábhachtach é seo i gcur chuige an iniúchta *ex post* toisc nach gceadaíonn creat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin do dheontais de chuid Fís Eorpach do shamplaí ionadaíocha a bhaineann go sonrach leis an gComhghnóthas CBE a bhunú agus dá réir sin, chun rátaí earráide ionadaíocha agus iarmharacha a bhaineann go sonrach leis an gComhghnóthas a ríomh;

44. ag tabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt i gcás Comhghnóthais a bhfuil cur chuige iniúchóireachta *ex post* rioscabhunaithe dea-fhorbartha acu go bhfuil ráta earráidí iarmharacha atá faoin meán atá ann do na Comhghnóthais nach bhfuil cur chuige den sórt sin acu mar gheall go bhfuil na tairbhithe is rioscúla á sainaithint go córasach agus go bhfuil iniúchóireacht á déanamh orthu;

Obair leantach ar bharúlacha ón mbliain roimhe seo

45. ag tabhairt dá haire gur 'moltaí gan fráma ama' ón gCúirt iad na 'barúlacha' i dtuarascálacha bliantúla sonracha Chomhghnóthais CBE; ag tabhairt dá haire go ndéanann CIE obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas 'oscailte' nó 'dúnta';

46. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt 3 bharúil (2020/2021) a bhfuil 2 cheann díobh fós oscailte - a bhaineann le ranníocaíochtaí thionscal agus chomhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais CBE;

47. ag tabhairt dá haire go n-aithníonn Comhghnóthas CBE leibhéal íseal ranníocaíochtaí comhchineáil comhaltaí príobháideacha dá ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus go measann sé gur féidir an staid sin a mhíniú go páirteach le hoscailteacht ghlaonna an Chomhghnóthais CBE, ina bhféadfaidh neamhchomhaltaí BIC ([14]) iarratas a dhéanamh ar dheontais BBI gan aon oibleagáid a bheith ann tacú le tionscnamh an Chomhghnóthais CBE le ranníocaíochtaí comhchineáil; á chur in iúl go dtuigeann sí gur laghdaigh líon na n-iarratasóirí rathúla ó BIC go dtí an t-íosmhéid do na trí ghlao dheireanacha, rud a fhágann go bhfuil laghdú suntasach ar ranníocaíochtaí comhchineáil.

([13]) Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

([14]) https://ebn.eu/about-ebn/